
# An Bricfeasta



Shuigh Íde agus Tomás chun boird. D'ith Íde leite agus d'ith Tomás **calóga arbhair.** Thug Mamaí cupán tae dóibh. Chuir Íde bainne agus siúcra isteach ann. **Chorraigh sí** an tae le spúnóg. Níor chuir Tomás siúcra sa tae. Fuair Íde **ubh bhruite.** D'ith Tomás arán agus im. D'ól siad an tae. Chuaigh siad ar scoil.

**Foclóir:**
**leite,** porridge
**calóga arbhair,** corn flakes
**chorraigh sí,** she stirred
**ubh bhruite,** boiled egg

**A. Líon isteach na bearnaí:**
shui—h, lei—e, ca—óga, siúc—a, spún—g, ubh bh—uite, ar sc—il.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. D'ith Íde l— agus d'ith Tomás calóga a—.
2. Thug Mamaí c— tae dóibh.
3. Chorraigh sí an tae le s—.
4. D'ith Tomás a — agus i—.
5. D'— siad an tae.
6. Chuaigh siad — —.

**C. Déan abairtí díobh seo:**
1. chun boird, Íde agus Tomás, shuigh.
2. an tae, siad, d'ól.
3. ubh bhruite, Íde, fuair.
4. siad, ar scoil, chuaigh.
5. an tae, le spúnóg, chorraigh sí.

**D. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cé a shuigh chun boird?
—Nuala agus Seán.
—Íde agus Tomás.
—Pól agus Páid.

2. Cad a d'ith Íde?
—cabáiste.
—prátaí.
—leite.

3. Céard a chuir Íde isteach sa tae?
—salann.
—bainne agus siúcra.
—arán agus subh.

4. Cé a d'ith calóga arbhair?
—Liam.
—Íde.
—Tomás.

**Gramadach 2**

(i) **Foghlaim:** dom
duit
dó
dí

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Nuair a tháinig sé isteach thug Mamaí cupán tae **dó.**
1. Nuair a tháinig Seán isteach thug Mamaí cupán tae —.
2. Nuair a tháinig mé isteach thug Mamaí cupán tae —.
3. Nuair a tháinig sí isteach thug Mamaí cupán tae —.
4. Nuair a tháinig tú isteach thug Mamaí cupán tae —.

(ii) **Foghlaim:** D'ith mé
D'ith tú
D'ith sé
D'ith sí

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Shuigh sé chun boird agus **d'ith sé** an leite.
1. Shuigh Íde chun boird agus — — an leite.
2. Shuigh mé chun boird agus — — an leite.
3. Shuigh tusa chun boird agus — — an leite.